Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Iúil 2020**
**(OR. en)**

**9463/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0216(COD)**

**AGRI 201**
**AGRILEG 78**
**AGRIFIN 56**
**AGRISTR 56**
**AGRIORG 50**
**CODEC 614**
**CADREFIN 153**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9645/18 + COR 1 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha faoi CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>*- Ollstruchtúr glas* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, páipéar cúlra ón uachtaránacht maidir le hollstruchtúr glas an Chomhbheartais Talmhaíochta a bheidh ann amach anseo.

Ag cruinniú an Choiste Speisialta um Thalmhaíocht an 13 Iúil 2020, iarrfar ar na toscaireachtaí na ceisteanna arna moladh a fhormhuiniú chun an plé aireachta a threorú ag an gComhairle "Talmhaíocht agus Iascach" an 20 Iúil 2020.

## An t-ollstruchtúr glas i CBT tar éis 2020

### Páipéar cúlra ón Uachtaránacht

1. Gné lárnach de thogra an Choimisiúin don Chomhbheartas Talmhaíochta (CBT) tar éis 2020 is ea an t-**ollstruchtúr glas**. Tá roinnt gnéithe ann, lena n-áirítear coinníollacht (a thugann le chéile glasú agus traschomhlíonadh ó CBT reatha), na héiciscéimeanna nua, raon idirghabhálacha don chomhshaol faoi cholún II, chomh maith le roinnt sainmhínithe ábhartha (e.g. heicteár incháilithe).

2. Tá sé mar aidhm leis an ollstruchtúr glas **uaillmhian** níos airde a bhaint amach **i leith an chomhshaoil agus na haeráide** ná mar atá ann sa tréimhse reatha. Tá an t-uaillmhian seo formheasta ag na Ballstáit i gcónaí i bprionsabal, faoin gcoinníoll nach mbeadh ró-ualach riaracháin i gceist leis agus go n-áiritheofaí dóthain maoinithe do CBT chun na cuspóirí atreisithe glasa sin a bhaint amach.

3. Ar mhaithe leis an uaillmhian níos airde sin a bhaint amach, mhol Uachtaránacht na Fionlainne "**cur chuige aon chéatadán amháin**" do chaiteachas a bhaineann leis an gcomhshaoil agus leis an aeráid, a mbeadh rannchuidiú ón dá cholún i gceist leis. D'fhéach Uachtaránacht na Cróite a thuilleadh air sin. Mar sin féin, mar a leagtar béim air ina tuarascáil ar dhul chun cinn (8734/20), i ndeireadh na dála níor léir d'Uachtaránacht na Cróite go raibh dóthain tacaíochta ann chun an cur chuige sin a thabhairt isteach toisc tuairimí na mBallstát a bheith chomh héagsúil sin ar an ábhar. Mar sin féin, ag cruinniú an Choiste Speisialta um Thalmhaíocht an 6 Iúil, mheas na toscaireachtaí go mb'fhiú féachaint ar an smaoineamh maidir le **rannchuidiú ón dá cholún**. Seans gur gá féachaint níos mó ar an ngné sin, mar aon leis an gceist níos ginearálta maidir leis an gcaoi le leibhéal íosta coiteann uaillmhéine a áirithiú ar leibhéal an Aontais.

4. I measc ghnéithe nua CBT a bheidh ann amach anseo atá ceaptha cur go gníomhach le huaillmhian níos airde tá na h**éiciscéimeanna**, i.e. scéimeanna don chomhshaol atá le chistiú faoi cholún I, rud a chiallaíonn gur íocaíochtaí iad a bheidh le tabhairt ar bhonn bliantúil. De réir an togra ón gCoimisiún, ba cheart dóibh a bheith éigeantach do na Ballstáit ach deonach d'fheirmeoirí. Ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht an 6 Iúil, thacaigh go leor toscaireachtaí le smaoineamh na n-éiciscéimeanna. Mar sin féin, bhí tuairimí na mBallstát éagsúil fós maidir leis na héiciscéimeanna a chur i bhfeidhm go héigeantach nó go deonach. Iad siúd a bhí i bhfabhar cur chuige deonach, rinne siad an argóint go mbeadh sé deacair a thuar an nglacfadh feirmeoirí le héiciscéimeanna, ós rud é gur ionstraim nua atá i gceist leo agus mar sin chuir siad i dtreis go mbeadh gá le tuilleadh solúbthachta airgeadais.

5. Sa Doiciméad Inmheánach Oibre (SWD) uaidh "Anailís ar na naisc idir an tAthchóiriú ar CBT agus an Comhaontú Glas [*Analysis of links between the CAP Reform and the Green Deal*]" (8228/20), a foilsíodh i mí na Bealtaine 2020, mhol an Coimisiún imfhálú d'éiciscéimeanna faoin gcéad cholún. Ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht an 6 Iúil, léirigh na toscaireachtaí tuairimí éagsúla maidir leis an rogha sin, a fuair roinnt tacaíochta ach a raibh go leor amhrais agus ceisteanna ag eascairt aisti, go háirithe i bhfianaise na rioscaí i dtaca le cistí a chailliúint. Chuir roinnt Ballstát i dtreis go gcaillfí na cistí a bhí ar fáil mar gheall ar ghlacadh neamhleor na n-ionstraimí sin mura mbeadh dóthain **solúbthachta airgeadais** ann.

6. Ó thaobh na hUachtaránachta de, tá ceist an imfhálaithe do chaiteachas a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid ar cheann de na príomhcheisteanna gan réiteach sa phlé ar an ollstruchtúr glas. Maidir le tabhairt isteach an imfhálaithe d'éiciscéimeanna, tagann go leor **ceisteanna praiticiúla** chun cinn, e.g. cé na réitigh atá ann do cheist na gcistí nach gcaitear? Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le roinnt solúbthachta i bpleanáil agus i gcur chun feidhme an imfhálaithe d'eiciscéimeanna.

7. Ba cheart díriú, sa phlé ag an gComhairle "Talmhaíocht agus Iascach" an 20 Iúil 2020, ar cheist an imfhálaithe d'éiciscéimeanna agus ar an ngá le solúbthacht agus le réitigh fhéideartha ar na ceisteanna a sainaithníodh go dtí seo. Chuige sin, molann an Uachtaránacht na ceisteanna seo a leanas:

> a. Cé na solúbthachtaí i bpleanáil agus i gcur chun feidhme a mheasann tú a bheith riachtanach chun tacú le himfhálú aonfhoirmeach ar fud an Aontais d'éiciscéimeanna?
>
> b. Cén chritéir, dar leat, atá cinntitheach agus leibhéal imfhálaithe féideartha ar fud an Aontais á chinneadh?

8. Mar dara ghné den ollstruchtúr glas, i dtuarascáil Uachtaránacht na Cróite ar dhul chun cinn, leagadh béim ar cheist an sciar íosta de thalamh neamhtháirgiúil (GAEC dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil 9) sa chóras coinníollachta. Tá an Uachtaránacht ag iarraidh gabháil don phlé seo agus molann sí na ceisteanna seo a leanas do dhíospóireacht na Comhairle:

> c. An dóigh leat go mbeadh sé úsáideach céatadán aonfhoirmeach íosta a shocrú ar fud an Aontais de limistéir agus d'eilimintí neamhtháirgiúla in GAEC 9? Más ea, cén leibhéal ar ar cheart é a shocrú? Agus ar cheart limistéir tháirgiúla a chomhaireamh i gcoinne an chéatadáin sin freisin?

---